



Iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 29 Aibreán 2024 – CL v
Prokuratura na Republika Bulgaria

(Cás C-312/24, Darashev) ⁽¹⁾

(C/2024/4715)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Sofiyski rayonen sad

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: CL

Cosantóir: Prokuratura na Republika Bulgaria

Na ceisteanna a tharchuirtear:

An bhfuil **Airteagal 2(1) de RGCS** le léiriú sa chaoi go n-áirítear le próiseáil sonraí gníomhaíochtaí aonaid aonair a gcuireann cuid de na stiúthóireachtaí feidhmeanna an fhostóra chun feidhme, cé nach bhfuil ach stiúthóireacht amháin eile a bhfuil cáilíocht údaráis imscrúdaithe aici sna himeachtaí coiriúla a thionscnaítear i gcoinne fostaithe stiúthóireachtaí eile? Más freagra dearfach a thabharfar:

- An bhfuil an nath **‘próiseáil sonraí pearsanta’** in Airteagal 4(2) de RGCS le léiriú sa chaoi gur gníomhaíocht í a bhaineann le faisnéis a bhaineann leis an bhfostaí a chur i gcomhad pearsanta an fhostaí agus a fuair an fostóir trína stiúthóireacht ag gníomhú ina cháil mar údarás imscrúdaithe?
- An bhfuil an nath **‘córas comhdúcháin’** in Airteagal 4(6) de RGCS le léiriú sa chaoi go bhfuil sé comhdhéanta de chomhad pearsanta an fhostaí nó an oibrí atá ag feidhmiú a fheidhmeanna i roinn amháin den fhostóir, fad is a bhailigh roinn eile den fhostóir ag gníomhú mar údarás imscrúdaithe an fhaisnéis?
- An bhfuil **Airteagal 9(2)(b) de RGCS** le léiriú sa chaoi gur féidir le haonad fhostóra sonraí a bhailiú agus a choinneáil a bhaineann le hamhras maidir le fostaí faoi leith, nó go raibh sé cúisithe i leith cion coiriúil in imeachtaí coiriúla nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna, cé gur bhailigh aonad eile de chuid an fhostóra a bhfuil stádas mar údarás imscrúdaithe aige an fhaisnéis sin?
- An bhfuil **‘an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad’** faoi Airteagal 17(1)(a) de RGCS le léiriú sa chaoi go gcaithfidh an fostóir na sonraí go léir a scriosadh ó chomhad pearsanta an fhostaí a bhailigh sé agus a choinnigh sé trí cheann dá stiúthóireachtaí eile, ag a bhfuil stádas údaráis atá freagrach as an imscrúdú i gcoinne a fhostaí, sa chás go mbaineann na sonraí sin leis an bhfíric:
 - go bhfuil amhras ann faoin bhfostaí, nó go bhfuil sé cúisithe i leith cion coiriúil in imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna, nó
 - go raibh amhras ann faoin bhfostaí, nó go raibh sé cúisithe i leith cion coiriúil in imeachtaí coiriúla a bhí ar feitheamh nó tréigthe nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna?
- An bhfuil sonraí pearsanta a ndearnadh **‘próiseáil mhídhleathach’** orthu faoi Airteagal 17(1)(d) de RGCS le léiriú sa chaoi gurb éard atá iontu sonraí atá faighte, bailithe agus coinnithe ag an bhfostóir trí cheann dá aonaid a bhfuil feidhmeanna imscrúdaithe aige in imeachtaí coiriúla arna dtionscnamh in aghaidh fostaithe ina aonaid eagraíochtúla eile an fhostóra, áit a bhfuil na sonraí sin á gcoinneáil sa chomhad pearsanta agus a bhaineann leis an bhfíric:

⁽¹⁾ Úsáidtear ainm bréige sa chás seo nach bhfreagraíonn d’fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

- 5.1. go bhfuil amhras ann faoin bhfostaí, nó go raibh sé cúisithe i leith cion coiriúil in imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna, nó
 - 5.2. go raibh amhras ann faoin bhfostaí, nó go raibh sé cúisithe i leith cion coiriúil in imeachtaí coiriúla a bhí ar feitheamh nó tréigthe nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna?
6. An bhfuil **'sonraí pearsanta'** faoi Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2016/680 ^(?) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó ionchúiseamh a dhéanamh ina leith nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, arna léamh i gcomhair le hAirteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, le léiriú sa chaoi gurb ionann iad agus sonraí atá faighte, bailithe agus coinnithe ag an bhfostóir trína aonad a bhfuil feidhmeanna aige mar údarás imscrúdaithe sna himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh i gcoinne fostaí atá i mbun a dhualgais i gceann dá aonaid eile?
7. An bhfuil **'próiseáil'** faoi Airteagal 3(2) de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó ionchúiseamh a dhéanamh ina leith nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, arna léamh i gcomhair le hAirteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, le léiriú sa chaoi gur ghníomhaíocht choinnithe í ag an bhfostóir i gcomhad pearsanta sonraí an fhostaí a bhailigh agus a choinnigh sé trína aonad atá freagrach as an imscrúdú in imeachtaí coiriúla arna dtionscnamh i gcoinne an fhostaí sin a chomhlíonann a dhualgais i gceann dá aonaid eile?
8. An bhfuil **Airteagal 9(1)** de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó ionchúiseamh a dhéanamh ina leith nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, arna léamh i gcomhair le hAirteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, le léiriú sa chaoi go n-údaráítear leis d'fhostóir faisnéis a bhailiú agus a choinneáil a bhaineann le fostaí a bhfuil amhras faoi, atá á ionchúiseamh nó atá cúisithe, cé gur bhailigh an fostóir an fhaisnéis sin trí cheann dá aonaid eagraíochtúla eile a bhfuil stádas údaráis imscrúdaithe aige sna himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh i gcoinne an fhostaí sin?
9. An bhfuil **Airteagal 16(2)** de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó ionchúiseamh a dhéanamh ina leith nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, arna léamh i gcomhair le hAirteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, le léiriú sa chaoi nach mór don fhostóir aon sonraí a scriosadh ó chomhad pearsanta an fhostaí atá bailithe aige agus atá coinnithe aige trí cheann dá aonaid eagraíochtúla eile a bhfuil stádas údaráis aige atá freagrach as an imscrúdú sna himeachtaí coiriúla a thionscnaítear i gcoinne an fhostaí sin, sa chás go mbaineann na sonraí sin leis an bhfíric:
- 9.1. go bhfuil amhras faoin bhfostaí, nó go bhfuil sé cúisithe i leith cion coiriúil in imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna, nó
 - 9.2. go raibh amhras ann faoin bhfostaí, nó go raibh sé cúisithe i leith cion coiriúil in imeachtaí coiriúla a bhí ar feitheamh nó tréigthe nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna?

(?) IO 2016 L 119, lch. 89.

10. An bhfuil **Airteagal 1** de Threoir 2000/78/CE ⁽³⁾ ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha le léiriú sa chaoi nach n-údaráítear leis don fhostóir, a ndéanann a aonad eagraíochtúil bearta imscrúdaithe i gcoinne fostaí de chuid aonad eile, diúltú d'ardú céime an fhostaí sin ar an gcúis sin amháin:
- 10.1. go bhfuil amhras ann faoi fhostaí, nó go bhfuil sé cúisithe i leith cion coiriúil in imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna, nó
 - 10.2. go raibh amhras ann faoi fhostaí, nó go raibh sé cúisithe i leith nó cion coiriúil in imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó tréigthe nó gur cuireadh ar a thriail é maidir leis an gcéanna?

⁽³⁾ IO 2000 L 303, lch. 16.